C/2024/3835

14.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11581 — APOLLO / PURMO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3835)

1. An 5 Meitheamh 2024 fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Apollo Clean Transition Equity Partners Management, L.P. atá faoi rialú Apollo Global Management, Inc ('Apollo', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Purmo Group Plc, cuideachta Fhionlannach a liostaítear go poiblí ar Nasdaq Helsinki Ltd. ('Purmo', an Fhionlainn).

Gheobhaidh Apollo rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Purmo ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 26 Aibreán 2024.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda malartacha agus soláthraí seirbhísí scoir é Apollo, a bhfuil infheistíochtaí aige i gcuideachtaí in earnálacha éagsúla amhail acmhainní nádúrtha, monaraíocht agus tionsclaíocht, oideachas, árachas, seirbhísí airgeadais agus gnólachtaí fóillíochta.

— Forbraíonn, monaraíonn agus trádálann Purmo táirgí a bhaineann le réitigh chompoird aeráide laistigh, lena n-áirítear trealamh téimh agus fuaraithe, agus bíonn sé ag gabháil do ghnólachtaí eile a bhaineann leis na réimsí seo, mar shampla forbairt bogearraí agus tairiscint seirbhísí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11581 — APOLLO / PURMO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË